*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 5 Nollaig 2022 i gCás R 1152/2022-5

**An t-ordú atá lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO costais na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sáruithe ar rialacha nós imeachta a bhaineann leis na himeachtaí os comhair EUIPO;

— Sárú ar Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

---

**Caingean arna tabhairt an 3 Márta 2023– UZ v an Coimisiún agus ECHA**

**(Cás T-121/23)**

(2023/C 155/84)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* UZ (ionadaithe: H. Estreicher, A. Bartl agus M. Escorneboueu, Dlíodóirí)

*Cosantóirí:* An Coimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an t-iarratas inghlactha agus go bhfuil bunús maith leis;

— cinneadh ón gCoimisiún Eorpach (grow.f.1(2022)9602146) dar dáta an 21 Nollaig 2022, agus an tuarascáil atá i gceangal leis ó ECHA a chur ar neamhní, maidir le diúltú d'iarraidh ó Concawe, ag gníomhú dó thar ceann a chomhaltaí (lena n-áirítear an t-iarratasóir) go ndéanfaí athbhreithniú ar liostú na substainte feanaintréine mar shubstaint ar ábhar mór imní é;

— a ordú do na cosantóirí costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomh-argóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearna an Coimisiún Eorpach earráid fhollasach measúnaithe trí gan sainordú a thabhairt do ECHA sainchomhad a ullmhú chun athmheastóireacht a dhéanamh ar liostú feanaintréine ar an liosta substaintí inbhreithnithe, in ainneoin gur léirigh cineál na faisnéise nua agus na tuarascála ó ECHA araon go raibh an fhaisnéis nua ábhartha don athmheastóireacht.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear gur ghníomhaigh na cosantóirí *ultra vires* agus/nó gur sháraigh siad Airteagal 59 REACH trí athmheasúnú cinntitheach a dhéanamh ar díliostú feanaintréine, in ionad a measúnú a theorannú don cheist an bhfuil an fhaisnéis nua iontaofa agus ábhartha don athmheasúnú.

---